

Úrscéal

Novel

(le Ruaidhrí Ó Báille)

1. Stop an líne fhada carranna arís.	The long line of cars stopped again.
2. Stop Pól Ó Laoi a charr féin agus luigh sé siar sa suíochán.	Pól Ó Laoi stopped his own car and he laid back in the seat.
3. Bhí sé ag tiomáint an lá ar fad agus bhí sé tuirseach.	He was driving the whole day and he was tired.
4. Ní raibh uaidh anois ach titim isteach ina leaba.	Now he only wanted to fall into his bed.
5. Dhún sé a shúile agus d'éist sé leis an mbáisteach a bhí ag bualadh go rithimeach ar chorp agus ar fhuinneoga an chairr.	He closed his eyes and he listened to the rain that was beating rhythmically on the body and on the windows of the car.
6. Go mall mall réidh thosaigh sé ag titim a chodladh; síos síos isteach sa chiúnas dorcha.	Slowly he began to fall asleep; down, down into the dark silence.
7. Chuala sé daoine ag caint áit éigin.	He heard people talking some place.
8. D'oscail sé a shúile agus d'fhéach sé timpeall le hiontas.	He opened his eyes and he looked around with amazement.
9. Bhí sé ina ghairdín cúil.	He was in his back garden.
10. Bhí a bhean chéile agus a mhac ann.	His wife and his son were there.
11. Bhí an ghrian ag taitneamh agus bhí siad ag ithe dinnéir faoi pharasól mór dearg.	The sun was shining and they were eating dinner under a large red parasol.
12. Gheal a chroí le háthas nuair a chonaic sé a mhac.	His heart brightened with happiness when he saw his son.
13. D'oscail sé a bhéal chun rud éigin a rá leis ach go tobann thosaigh an teileafón ag bualadh istigh sa teach.	He opened his mouth to say something to him, but suddenly the phone began to ring inside the house.
14. "Sandra!" arsa an fear óg agus thosaigh sé ag rith i dtreo an tí.	"Sandra!" said the young man and he began to run towards the house.
15. D'fhéach Pól ina dhiaidh go brónach.	Pól looked after him sadly.
16. Ba mhaith leis cúpla focal a bheith aige leis.	He would like to have a few words with him.

Ceacht a Dó

Lesson Two

Imithe!

Gone!

Leathanach 2

Page 2

mé	I
tú	you
sé	he
sí	she
muid	we
sibh	y'all
siad	they

mo chroí	my heart
do chroí	your heart
a chroí	his heart
a croí	her heart
ár gcroí	our heart
bhur gcroí	y'all's heart
a gcroí	their heart

m'úll	my apple
d'úll	your apple
a úll	his apple
a húll	her apple
ár n-úll	our apple
bhur n-úll	y'all's apple
a n-úll	their apple

1



a haon	number one
bóthar / bóithre	road(s)
carr / carranna	car(s)
bus / busanna	bus(es)
rothar / rothair	bicycle(s)
crann / crainn	tree(s)
ag tiomáint	driving
ag rothaíocht	cycling
ag siúl	walking

Cad atá sa phictiúr seo?
 What's in this picture?
 An bhfuil rothar agat?
 Do you have a bicycle?
 An dtéann tú ar an mbus go minic?
 Do you often go on the bus?
 An maith leat a bheith ag siúl?
 Do you like to walk?

2



a dó	number two
fógra / fógraí	sign(s)
solas / soilse	light(s)
soilse tráchta	traffic lights
dearg	red
buí	yellow
glas	green
stopadh	to stop
imeacht	to go

Cad is ciall leis an bhfógra seo?
 What's the meaning of this sign?
 Cén dath atá ar an solas seo?
 What color is this light?
 Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn solas dearg ann?
 What do you do when the light is red?


3



a trí	number three
timpiste / timpistí	accident(s)
bán	white
gortaithe	injured
dhá cheann	two (things)
beirt	two (people)
beirt fhear	two men
ceart go leor	ok
póilín / póilíní	police
garda / gardaí	garda

Cad a tharla sa phictiúr seo?
 What happened in this picture?
 Cé mhéad carr atá ann?
 How many cars are there?
 Cé mhéad duine atá ann?
 How many people are there?
 Ar tháinig na gardaí fós?
 Did the gardaí come yet?
 An raibh tusa i dtimpiste riamh?
 Were you ever in an accident?

4



a ceathair	number four
teaghlach	family
fear / fir	man / men
bean / mná	woman / women
buachaill / buachaillí	boy(s)
cailín / cailíní	girl(s)
mac / mic	son(s)
iníon / iníonacha	daughter(s)
ciseán / ciseáin	basket(s)

Cé atá sa phictiúr seo?
 Who's in this picture?
 Cad atá siad ag déanamh?
 What are they doing?
 Cad atá siad ag ithe?
 What are they eating?
 An bhfuil páistí agat?
 Do you have children?